# Plean Straitéiseach COGG

## 2023 – 2027



# Plean Straitéiseach COGG

# 2023 – 2027




## Innéacs

| | |
|---|---|
| Réamhrá – Cathaoirleach COGG | 2 |
| An tAcht Oideachais 1998 agus Ráiteas Misin COGG | 3 |
| Achoimre Fheidhmeach - Príomhfheidhmeannach COGG | 4 |
| Bord COGG | 5 |
| Baill foirne | 6 |
| Ár nGeallsealbhóirí | 7 |
| Ár gComhpháirtíochtaí | 8 |
| Plean Straitéiseach 2019 – 2022: Mórghníomhartha – Leas-Phríomhfheidhmeannach COGG | 9 |
| Spriocanna Aontaithe an Bhoird agus na Foirne do Phlean Straitéiseach 2023 – 2027 | 10 |
| An Tairseach | 12 |
| Scéim COGG le haghaidh soláthar téacsleabhair iar-bhunscoile | 13 |
| Scéim Mhaoinithe Acmhainní Teagaisc agus Foghlama | 14 |
| Scéim Sparánachtaí Taighde | 15 |
| An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 | 16 |

# Réamhrá – Cathaoirleach COGG

Is mór an phribhléid dom Plean Straitéiseach COGG, 2023 – 2027, a sheoladh. Forbraíodh an Plean seo trí phróiseas plé agus iniúchta a raibh na comhaltaí boird agus foireann COGG páirteach ann.

Táim fíorbhuíoch den Phríomhfheidhmeannach, Jacqueline Ní Fhearghusa, den fhoireann agus de Bhord COGG, as ucht a ndiansaothair ar an bPlean seo. Beidh an Plean mar chreatlach oibre agamsa agus ag an mBord don tréimhse ceithre bliana amach romhainn. Déanfaidh mé féin agus baill an Bhoird monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm na straitéisí éagsúla atá luaite sa phlean agus beidh forléargas againn ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach don eagraíocht. Mar cheann de na heagraíochtaí oideachais atá freagrach go díreach don Roinn Oideachais, leanfar leis na caighdeáin is airde ó thaobh cúrsaí rialachais chorparáidigh de agus leanfar leis an tuairisciú rialta d'oifigigh na Roinne Oideachais. Táimid faoi chomaoin ag oifigigh na Roinne a chuireann comhairle leanúnach orainn maidir lenár ndualgais reáchtúla agus lenár bhfreagrachtaí corporáideacha.

Tugaim aitheantas ar leith do mo réamhtheachtaí mar Chathaoirleach, Dónal Ó hAiniféin agus do na hiar-chathaoirligh agus do na hiar-chomhaltaí boird, chomh maith leis an iar-Phríomhfheidhmeannach, Muireann Ní Mhoráin, as an obair iontach a chuireadar i gcrích thar na blianta fada chun COGG a chothú agus a fhorbairt.

Mar Chathaoirleach COGG agus mar fhear Gaeltacha, is cúis áthais dom an rath atá ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta in achar an-ghearr. Tréaslaím leis na scoileanna as a gcuid ceannaireachta agus iad ar a n-aistir chun aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta. Chuir an tAonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) de chuid na Roinne Oideachais sraith de thacaí fíorthábhachtacha ar fáil do na scoileanna mar chuid de Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim), ina measc: uaireanta tacaíochta don Ghaeilge, uaireanta breise do na cúntóirí teanga, cuairteanna comhairleacha ó Chigireacht na Roinne, forbairt ghairmiúil leanúnach ó Oifigigh Oideachais COGG agus deontais chun acmhainní teagaisc a cheannach, tacaí a chuidigh go mór leis an bpróiseas féinmheastóireacht scoile. Mar thoradh ar an bpróiseas forbartha agus na foilseacháin tacaíochta de chuid AOG, tá téarmaíocht ar nós táscairí dea-chleachtais agus critéir theanga-bhunaithe mar chuid den ghnáth-chaint sna seomraí foirne fud fad na Gaeltachta díreach sé bliana tar éis don Pholasaí a bheith foilsithe. Iarraim ar phobail na scoileanna leanúint leis an tsáriarracht. Ní féidir a shéanadh gurb í an Ghaeltacht tobar na teanga agus go bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an bPolasaí agus leis an Scéim.

Is am cinniúnach é seo d'earnáil na Gaelscolaíochta agus sinn ag tabhairt faoin aistear céanna forbartha agus polasaí á fhorbairt ag AOG don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Beidh an-tábhacht anois leis an gcur chuige céanna a bheith ann do na Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí. Is é sin, go mbeidh na tacaí céanna ar ardchaighdeán ar fáil do na scoileanna. Tá sé tábhachtach barr feabhais a bhaint amach trí na caighdeáin chéanna a bheith leagtha síos maidir le dea-chleachtais i ngach réimse den ghaeloideachas. Creidim go láidir gur chóir go mbeadh fáil ar oideachas ar shárchaighdeán trí mheán na Gaeilge acu siúd ar mian leo é, ag gach leibhéal den chóras oideachais i scoileanna neamhspleácha.

Caithfimid díriú chomh maith ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí na Gaeilge i scoileanna a bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga iontu. Aithnítear freisin an tábhacht a bhainean le fás agus forbairt na hearnála lán-Ghaeilge sa todhchaí.


Tá Bord agus foireann COGG tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do scoileanna T1 agus scoileanna T2. Leanfar leis an obair forbartha sna blianta beaga amach romhainn agus sinn ag saothrú i dtreo ár gcuid spriocanna a bhaint amach. Is treise sinn le chéile!

**Cathnia Ó Muircheartaigh**

Cathaoirleach COGG



## An tAcht Oideachais (1998)





Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) faoi fhorálacha Alt 31 d'Acht Oideachais 1998 leis na feidhmeanna reachtúla seo a leanas:

- Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú. Comhairle a thabhairt don Aire maidir le cur ar fáil agus cur chun cinn oideachais trí mheán na Gaeilge
- Seirbhísí taca a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge
- Taighde a sheoladh ar ábhar a bhaineann leis na cúraimí
- Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge agus
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le nithe a bhaineann le múineadh na Gaeilge, le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus riachtanais oideachais na ndaoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

### Ráiteas Misin COGG

Cúraimí na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).



# Achoimre Fheidhmeach - Príomhfheidhmeannach COGG

A chairde,

Ag féachaint siar ar an 21 bliain oibre ó céadbunaíodh COGG in 2002 agus ar na héachtaí a baineadh amach maidir le réimsí an taighde, forbairt na dtéacsleabhar, forbairt acmhainní teagaisc agus foghlama, bunú **An Tairseach** agus forbairt ar sheirbhísí do scoileanna T1 go háirithe, is dóigh liom gur féidir a bheith bródúil as a bhfuil déanta go dtí seo. É sin ráite, is cinnte go bhfuil a lán oibre fós le cur i gcrích agus sinn ag breathnú chun cinn ar earnáil an ghaeloideachais, na Gaeltachta agus ar mhúineadh na Gaeilge i gcoitinne.



Sa Phlean Straitéiseach seo, tugtar spléachadh d'earnáil an oideachais ar obair COGG sna réimsí éagsúla, ar na comhpháirtíochtaí éagsúla a bunaíodh le himeacht na mblianta le heagraíochtaí oideachais agus Gaeilge, le hinstitiúidí oideachais, le seirbhísí tacaíochta, le soláthróirí agus foilsitheoirí oideachais, agus an tionchar dearfach a imríonn na comhpháirtíochtaí sin ar an gcóras oideachais trí chéile. Tá COGG tiomanta don tseirbhís is fearr agus is gairmiúla a sholáthar dár ngeallsealbhóirí – is iad sin na scoileanna T1 agus T2. Ó thús na heagraíochta, dhírigh COGG a haird ar na héilimh a bhí ag na scoileanna T1, de bharr na n-easnamh mór a bhí ann le tamall fada de bhlianta ó thaobh téacsleabhar agus acmhainní teagaisc agus foghlama, acmhainní digiteacha san áireamh. Beifear ag leanúint leis an obair thábhachtach i leith seirbhísí agus acmhainní a sholáthar do scoileanna T1. Ina theannta sin, beidh COGG ag tabhairt aghaidh ar chuid de riachtanais na scoileanna T2 ar bhealach níos leithne maidir le múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais go ginearálta.

Tá fís láidir ag COGG don todhchaí agus do ghnéithe den obair atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach seo a chur chun cinn sna blianta amach romhainn. Beimid tiomanta chomh maith d'fhreastal ar éilimh leanúnacha na scoileanna agus na n-earnálacha éagsúla lena mbaineann siad as seo go ceann thréimhse an Phlean seo. Mar a thug COGG tacaíocht láidir don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ó 2017 i leith, beimid ag súil leis an tacaíocht chéanna a sholáthar don Pholasaí nua don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus sinn ag obair as lámha a chéile leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais. Cuirimid fáilte roimh na deiseanna forbartha agus feabhsaithe a chuirfidh an Polasaí nua ar fáil don earnáil ghaeloideachais.

Tá sé i gceist ag COGG díriú ar ardú feasachta agus ar eolas a roinnt ar acmhainní agus ar sheirbhísí COGG ar bhonn níos cuimsithí agus níos éifeachtaí sa tréimhse amach romhainn. Is tosaíocht í de chuid an Phlean ár n-aird a dhíriú ar an gcumarsáid agus ar an margaíocht.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí boird a léiríonn suim agus tiomantas i gcónaí maidir le hobair na heagraíochta. Tá ról tábhachtach maoirsithe ag Bord COGG maidir le cur i bhfeidhm tosaíochtaí agus spriocanna na heagraíochta.

Gabhaim buíochas freisin leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann iontach tiomanta díograiseach atá ag obair le COGG. Is mór mo mheas orthu go léir agus bímid ag brath ar a chéile go leanúnach. Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin d'oifigigh na Roinne Oideachais a roinneann eolas, comhairle agus tacaíocht orainn go fial.

Mar Phríomhfheidhmeannach ar COGG, táim ag súil go mór le bheith ag díriú ar spriocanna agus ar thosaíochtaí an Phlean seo a chur i bhfeidhm le cabhair agus tacaíocht na foirne agus an Bhoird.

**Jacqueline Ní Fhearghusa**

Príomhfheidhmeannach COGG



# Bord COGG

- An Bord – Comhaltaí an Bhoird agus na hEagraíochtaí Ainmnithe

## BORD COGG




**Cathaoirleach COGG**
**Cathnia Ó Muircheartaigh**
Aimnithe ag an Aire Oideachais



**Máirín Ní Chéileachair**
Cumann Múinteoirí Éireann



**Peadar Ó Muirí**
Cigireacht na Roinne Oideachais



**Pádraig Mac Grianna**
Údarás na Gaeltachta



**Éanna Ó Cróinín**
Údarás na Gaeltachta




**Elaine Ní Neachtain**
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



**Edel Ní Chorráin**
Foras na Gaeilge



**Gilbert de Búrca**
Aontas Múinteoirí Éireann



**Aodh Mac Craith**
Gaeloideachas



**Lorraine Finn**
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire




**Eibhlín Nic Gearailt**
Comhairle Churaclaim Scrúduithe & Measúnaithe Thuaisceart Éireann




**Nóra Ní Loingsigh**
Gaeloideachas

# Struchtúr Eagraíochtúil



# Ár nGeallsealbhóirí

- Na scoileanna
- Na ceannairí scoile
- Na múinteoirí
- Na daltaí/ scoláirí
- An Roinn Oideachais, lena n-áirítear na rannóga seo a leanas:
  - An Rannóg um Beartas, Curaclam agus Polasaí
  - An tAonad um Oideachas Gaeltachta
  - An Chigireacht
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)









*Grianghraif tógtha ag Comhdháil na bPríomhoidí 2023 agus Bronnadh Duaiseanna Spraoi '23*





# Ár gComhpháirtíochtaí

## Eagraíochtaí Stáit

- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Foras na Gaeilge
- An Gúm
- Údarás na Gaeltachta
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin
- An Roinn Sláinte

## Eagraíochtaí Oideachais

- Gaeloideachas
- An Foras Pátrúnachta
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- Coiste Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann
- Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann
- Careers Portal/ Saoloibre.ie

## Na Seirbhísí Taca

- Oide (JCT, PDST, Scoilnet, CSL)
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
- Joint Managerial Body for voluntary secondary schools (JMB)
- Gréasán na Múinteoirí Gaeilge
- Teangacha Iarbhunscoile Éireann (PPLI)

## Eagraíochtaí Gaeilge

- Glór na nGael
- Conradh na Gaeilge
- Gael Linn
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Oireachtas na Gaeilge

## Soláthróirí/ tomhaltóirí scéimeanna agus sparánachtaí

- Foilsitheoirí
- Soláthróirí acmhainní
- Taighdeoirí
- Institiúidí Tríú Leibhéal
- TG4 Foghlaim
- Tuairisc.ie (rannóg na bhfoghlaimeoirí)
- Gaelchultúr
- Institiúid Scannán na hÉireann
- Leabhair Pháistí Éireann
- Leabharlanna Éireann
- Cumann Lúthchleas Gael

## Páirtnéirí i dTuaisceart Éireann

- CCEA
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- An tÁisaonad



*Baill Foirne COGG ag Seoladh Mol Mata, Scoil Náisiúnta na Rinne, 2022*

# Na Mórghníomhartha 2019-2022

**Pádraig Ó Beaglaoich, Leas-Phríomhfheidhmeannach COGG**

## Forbairtí digiteacha

- Forbraíodh suíomh úrnua de thairseach acmhainní atá anois beo agus táthar ag cur leis go leanúnach – **An Tairseach** www.tairseachcogg.ie. Tá níos mó ná 2000 acmhainn uaslódáilte go dtí an suíomh nua agus tuilleadh á bhforbairt ag múinteoirí, agus i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile.
- Forbraíodh **Mol Mata** i gcomhpháirt le CCEA agus an tSFGM – acmhainn spraíúil ar líne chun cabhrú le smaointeoireacht agus teanga na matamaitice sa bhunscoil https://ccea.org.uk/learning-resources/mol-mata

## Cúrsaí taighde

Sa tréimhse 2019 – 2022 bronnadh sparánachtaí ar 29 píosa taighde agus críochnaíodh 13 phíosa taighde atá le feiceáil ar shuíomh COGG. Féadfar teacht ar an taighde ar fad a tugadh chun críche mar aon le cartlann taighde COGG ag www.cogg.ie/taighde-cogg Bíonn tosaíochtaí nua taighde á n-aithint ag COGG bliain ar bhliain.



*Breandán Ó Dufaigh agus an Dr. Colm Henry ag seoladh An Gadaí Bradach 2023*

## An bhunscolaíocht

- Rannpháirtíocht ghníomhach le **TG4 Foghlaim** le linn na paindéime
- Ceardlanna & ócáidí FGL le múinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint, an Chigireacht, NEPS, CMÉ agus IPPN ar acmhainní teagaisc, ***Mol Mata, Séideán Sí, Réidh Socair Déan Mata***, Léitheoireacht, An Teanga ó Bhéal srl
- Uasdátú ar ***Spreag an Ghaeilge le Spraoi***
- **Bleaist Eolaíochta** le BSL & an RDS

## An iar-bhunscolaíocht

- **Téacsleabhair** forbartha sna hábhair seo: Stair, Tíreolaíocht, Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Matamaitic, Gaeilge T1, OSPS, OSSP, Staidéar Reiligiúnach, Spáinnis, agus Grafaic
- Dianchúrsa COGG do mhúinteoirí iar-bhunscoile
- **Triailscrúduithe** agus **páipéir shamplacha**
- **Úrscéalta** nuascríofa do dhéagóirí
- **An Leabhrán Téarmaí**
- **Mataí teanga** agus acmhainní COGG/PPLI
- **An Gadaí Bradach** (Tuairisc Shóisialta agus Staire ar an bPaindéim)



*Dónal Ó hAiniféin, iar-Chathaoirleach COGG, agus iar-Phríomhfheidhmeannach COGG, Muireann Ní Mhoráin, ag ócáid cheiliúrtha do Dhónal ag deireadh a thréimhse mar Chathaoirleach COGG, Nollaig 2022*







# Spriocanna Aontaithe an Bhoird agus na Foirne do Phlean Straitéiseach 2023 – 2027

## Soláthar acmhainní teagaisc

- Téacsleabhair don iar-bhunleibhéal T1 a fhorbairt
- Obair i gcomhpháirt leis an CNCM maidir le hacmhainní a fhorbairt i gcomhthéacs na bhforbairtí nua sa tSraith Shinsearach
- Acmhainní teagaisc a fhorbairt agus a sholáthar do scoileanna trí na scéimeanna maoinithe
- Veain taispeántas acmhainní teagaisc agus foghlama – COGG
- Aistriúcháin agus maoiniú a chur ar fáil do scéimeanna náisiúnta oideachais
- An Leabhrán Téarmaí – (Iar-bhunscoil)
- An Tairseach – Ardán digiteach d'acmhainní teagaisc cruthaithe ag múinteoirí do mhúinteoirí

## Seirbhísí taca a sholáthar do scoileanna

- Feasacht na scoileanna agus na múinteoirí a ardú i leith na n-acmhainní atá ar fáil agus iad a spreagadh le hacmhainní a chruthú agus a roinnt ar an Tairseach
- Acmhainní éagsúla oideachais, forbartha ag COGG/ i gcomhphairt le heagraíochtaí eile, a roinnt
- Oiliúint maidir le húsáid na n-acmhainní atá cruthaithe agus maoinithe ag COGG
- Feachtais phoiblíochta a eagrú ar na meáin dhigiteacha chun eolas a scaipeadh agus feasacht a ardú faoi obair COGG agus na hacmhainní teagaisc atá ar fáil do scoileanna

## Forbairtí nua maidir le seirbhísí taca

- Ranganna Gaeilge ar líne a sholáthar do mhúinteoirí iar-bhunoideachais
- Feachtas poiblíochta ar bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais a chruthú agus a fheidhmiú i gcomhar leis an Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge agus áisíneachtaí Stáit eile
- Scéim náisiúnta léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chruthú agus a fheidhmiú i gcomhar le Foras na Gaeilge
- Cur chuige comónta chun tacú agus cabhrú le hinstitiúidí tríú leibhéal ábhar oidí a chur ar an eolas maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama
- Leanúint den scéim mhaoinithe don MGO i nGaillimh, deiseanna eile maoinithe in institiúidí tríú leibhéal eile a iniúchadh d'fhonn tuilleadh múinteoirí a mhealladh le bheith ag obair sna scoileanna T1
- Cur chuige náisiúnta chun tacú le Comhairleoirí Treorach i scoileanna T1 agus T2 maidir le heolas cruinn cuimsitheach a roinnt i leith deiseanna fostaíochta trí Ghaeilge agus le Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di





## Taighde

- Tacú le taighde ar an ngaeloideachas, oideachas Gaeltachta agus múineadh na Gaeilge
- Príomhthorthaí agus moltaí ó thaighde maoinithe ag COGG a roinnt chun cabhrú le príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus earnáil an oideachais úsáid níos tairbhí a bhaint as na príomhthátail agus moltaí ábhartha sin

## Comhairle ar an Aire Oideachais agus ar an CNCM

- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir le múineadh trí Ghaeilge nó múineadh na Gaeilge
- Tacú le próisis éagsúla chomhairliúcháin de chuid na Roinne Oideachais trí aighneachtaí a chur ar fáil ag léiriú comhairle COGG, páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpaí agus aon chéimeanna ábhartha eile sna próisis a chur i gcrích
- Comhairle a chur ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- Tacú le próisis chomhairliúcháin de chuid an CNCM trí aighneachtaí a ullmhú agus comhairle a thabhairt ar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le múineadh trí Ghaeilge agus múineadh na Gaeilge, agus freastal ar chruinnithe déthaobhacha

## An Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

- Tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha éagsúla an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta
- Tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do scoileanna
- Feasacht ar an tumoideachas i gcomhthéacs páistí le riachtanais bhreise oideachais a ardú, treoir phraiticiúil a fhorbairt do na scoileanna Gaeltachta
- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an pholasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá á fhorbairt faoi láthair ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG)
- Tacú le Glór na nGael maidir le cur i bhfeidhm na scéime nua do chúntóirí teanga sna bailte seirbhíse Gaeltachta agus sna bailte líonraí agus do na hoifigigh pleanála teanga gaolmhara
- Pobail chleachtais a fhorbairt sna scoileanna Gaeltachta mar atá leagtha amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus bonneagar cuimsitheach a leagan amach de phobail chleachtais ábharbhunaithe sna scoileanna T1

## Ardú Feasachta maidir le ról agus obair COGG


- Díriú ar fheachtais phoiblíochta agus chumarsáide a léiríonn scóip agus leithead obair COGG
- Gréasán de chomhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú ar mhaithe le seirbhísí taca trí Ghaeilge níos éifeachtaí a sholáthar do scoileanna agus do mhúinteoirí agus d’fhonn a chinntiú go dtugtar an t-aitheantas cuí don teanga agus dá háit sa chóras oideachais



*Baill Foirne COGG ag Comhdháil na bPríomhoidí 2023*



An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú






- Múinteoirí saineolacha a aithint le hacmhainní teagaisc a chruthú agus a sholáthar don Tairseach. Ag eascairt as an obair bhunaidh, cuirfear tús in am trátha le Scéim na n-Acmhainní Digiteacha.

### Múinteoirí ag cruthú acmhainní

Cruthaíonn múinteoirí acmhainní bunaithe ar an ábhar/ na hábhair a bhfuil saineolas ar leith acu ann/iontu. Cuirtear coimriú gairid mar aon le heochairfhocail ábhartha ar fáil. Roinntear na hacmhainní le hOifigeach Digiteach COGG le faomhadh.

### Córas um Dhearbhú Cáilíochta

Seoltar na hachmhainní go léir chuig profléitheoirí gairmiúla. Lorgaítear comhairle bhreise más gá ó mhúinteoir(í) ábharbhunaithe.

### Crochadh na n-acmhainní ar an Tairseach

Crochann COGG na hacmhainní ar an Tairseach. Bíonn na hacmhainní liostaithe ó thaobh leibhéil agus ábhair de. Bíonn mioníomhá agus cur cuimsitheach ag dul le gach acmhainn. Crochtar leaganacha deiridh na n-acmhainní ar an Tairseach.

**Acmhainní Bunscoile:** Gaeilge, Mata, Corpoideachas, na hEalaíona, Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta, Folláine, Oideachas Speisialta, Teicneolaíocht, OSPS

**Acmhainní Iar-Bhunscoile:** Gaeilge, Mata, na Nuatheangacha Iasachta, Stair, Tíreolaíocht, Ceol, Ealaín, Grafaic, Gnó, Treoir, Folláine, na hEolaíochtaí, Cuntasaíocht, Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Adhmadóireacht, Teicneolaíochtaí, Corpoideachas, OSPS.

### Cúinne na gcluichí agus cuntas úsáideora

Tá COGG ag forbairt Cúinne na gCluichí agus Cuntais Úsáideora. Le himeacht ama beidh múinteoirí in ann cuntas a chruthú, na hacmhainní is fearr leo a shábháil agus cluichí idirghníomhacha ar líne a chruthú.

## Scéim COGG le haghaidh soláthar téacsleabhair iar-bhunscoile

**1.** Léirithe spéise á lorg ag COGG ó Chathaoirleach an chumainn IEPA, ionadaí na bhfoilsitheoirí oideachais.





**2.** Déantar scagadh agus anailís atá ábharbhunaithe – soláthraíonn 3 oidí comhairleacha tuairiscí ar théacsleabhair éagsúla, bunaithe ar chritéir atá leagtha amach roimh ré.




**3.** Déantar costáil ar an tionscadal agus rogha ar théacsleabhar – roghnaíonn COGG téacsleabhar amháin, aontaíonn COGG agus foilisitheoir oideachais ar amlíne agus sínítear comhaontú.




**4.** Déanann COGG earcú ar fhoireann eagarthóireachta, aistriúcháin agus bainistíochta tionscadail – tá an comhordú agus an bhainistíocht go hiomlán faoi stiúir Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile le COGG.




**5.** Sraith cruinnithe rialta idir foireann COGG agus foireann an fhoilsitheora oideachais srl., le dearbhú go bhfuil siad ag cloí le spriocanna an tionscadail.




**6.** Dréachtaí éagsúla, próiseas profála, agus ansin an faomhadh deiridh ó COGG.




**7.** Leagan deiridh an téacsleabhair ar díol, is féidir é a cheannach ó fhoilsitheoir oideachais agus ó shiopaí leabhar.



# Scéim Mhaoinithe Acmhainní Teagaisc agus Foghlama

**COGG**

1. Riachtanais Oideachais a aithint
2. Fógairt na Scéime
3. Iarratais mhaoinithe le réiteach
4. Obair na bpainéal neamhspleách
5. Cruinnithe na bpainéal neamhspleách
6. Iniúchadh agus cinntí Bhord COGG
7. Comhaontuithe le síniú






- **Tús Feabhra go lár Feabhra**
  - Riachtanais oideachais a aithint agus fógraíocht don bhliain a ullmhú
- **Idir deireadh Feabhra agus tús an Mhárta**
  - Fógra ar na meáin dhigiteacha, i nuachtáin agus ar shuíomh gréasáin COGG
- **Tréimhse 4 seachtaine**
  - Foirm le híoslódáil ó shuíomh gréasáin COGG, le líonadh isteach agus le seoladh ar ais
  - Múinteoirí saineolacha ainmnithe ar dhá phainéal neamhspleácha le féachaint ar na hiarratais d’acmhainní bunscoile agus iar-bhunscoile
- **Obair na bpainéal neamhspleách**
  - Critéir mharcála agus measúnaithe leagtha amach don dá phainéal
  - Le linn tréimhse coicíse déanann na painéil réamh-anailís ar na hiarratais
- **Ar lá atá socraithe**
  - Tagann an dá phainéal neamhspleácha le chéile, pléann siad a dtuairimí faoi na hiarratais agus tagann siad ar chinneadh aontaithe
  - Seoltar moltaí na bpainéal chuig comhaltaí Bhord COGG
- **Bord COGG**
  - Déanann an Bord cinntí ar na moltaí a rinne na painéil neamhspleácha
  - Ó am go chéile, lorgaítear tuilleadh eolais agus mionsonraí breise faoi iarratais áirithe
  - Is é an Bord a fhaomhann na cinntí deiridh i leith na n-iarratas
- **An chríoch**
  - Cuirtear cinneadh an Bhoird in iúl do na hiarrthóirí
  - I gcás iarrthóirí ar éirigh leo, seoltar comhaontú amach agus iarrtar orthu é a léamh, a shíniú agus a sheoladh ar ais
  - De réir théarmaí an chomhaontaithe íoctar an t-airgead i sciartha réamhaontaithe.

## Scéim Sparánachtaí Taighde

- **Tús Feabhra go lár Feabhra**
  Riachtanais taighde a aithint san earnáil an bhliain sin
  Dréachtú na foirme agus an fhógra don bhliain sin
- **Idir deireadh Feabhra agus tús an Mhárta**
  Crochtar an fógra ar na meáin dhigiteacha, i nuachtáin agus ar shuíomh gréasáin COGG
- **Tréimhse 4 seachtaine**
  Tá an fhoirm le híoslódáil ó shuíomh gréasáin COGG, le líonadh isteach agus le seoladh ar ais go digiteach nó sa phost
- **An painéal neamhspleách**
  Iarrtar ar shaineolaithe taighde acadúla a bheith páirteach ar phainéal neamhspleách le féachaint ar iarratais sparánachta
- **Tréimhse dhá sheachtaine**
  Ina n-aonair, déanann baill an phainéil anailís agus measúnú ar na hiarratais sparánachta taighde
  Bronntar marcanna ar na hiarratais bunaithe ar chritéir réamhshocraithe
- **Ar lá atá socraithe**
  Tagann an painéal neamhspleách le chéile agus pléann baill an phainéil a dtuairimí faoi na hiarratais agus tagann siad ar chinneadh aontaithe faoi gach iarratas
  Cuirtear moltaí an phainéil faoi bhráid Bhord COGG
- **Bord COGG**
  Ag cruinniú an Bhoird, déantar moltaí an phainéil a phlé agus déantar cinneadh ina leith
  I gcásanna áirithe, iarrfaidh an Bord ar iarrthóirí teacht os comhair an Bhoird chun tuilleadh eolais a thabhairt ar an iarratas
- **An chríoch**
  A luaithe agus atá na cinntí go léir déanta, seoltar r-phost nó litir amach chuig gach iarrthóir faoi chinneadh an Bhoird
  I gcás iarrthóirí ar éirigh leo, seoltar comhaontú chucu agus iarrtar orthu é a léamh, a shíniú agus a sheoladh ar ais
  Íoctar sciartha na sparánachta ag tréimhsí réamhaontaithe le linn an taighde dochtúireachta.



*Toirdealbhach Ó Lionáird ag caint ag Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas 2022*




# An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017

**COGG**

## 2016

– Seoladh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta






*Seán Kyne Aire Stáit na Gaeltachta, An Taoiseach Enda Kenny agus Richard Bruton, an tAire Oideachais ag seoladh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2016*

## 2017 – 2019

– 2 Oifigeach Oideachais fostaithe ag COGG
– Cabhrú le scoileanna plean feabhsúcháin scoile a ullmhú le seoladh chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG)
– Sraith ceardlann do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile – Ag cur aithne ar an bPolasaí
– Feachtas Feasachta sna pobail Ghaeltachta le tuiscint a fhorbairt ar an bPolasaí agus ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim)
– Cáipéisí tacaíochta agus ciorcláin curtha chuig scoileanna
– Nasc cruthaithe idir na Critéir Theanga-bhunaithe, na Táscairí Dea-Chleachtais agus an próiseas féinmheastóireachta scoile
– Clár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) curtha le chéile do phríomhoidí agus múinteoirí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta









## 2020 – 2024

– Comhordú ar thacaí agus tionscnaimh ar leith a sheachadadh don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus gníomhaireachtaí eile
– Treoirlínte éagsúla foilsithe
– www.tairseachcogg.ie bunaithe – ardán digiteach d'acmhainní cruthaithe ag múinteoirí do mhúinteoirí
– Le linn na Paindéime Covid-19 – sraith ceardlann ar líne do phríomhoidí agus do mhúinteoirí
– Cabhrú le scoileanna agus iad ar a n-aistear chun aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta
– Bunú Pobail Chleachtais i réimsí éagsúla





# Plean Straitéiseach COGG

## 2023 – 2027




An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta